# Stoirm Éowyn

Meánleibhéal 1 (B1)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi Stoirm Éowyn agus faoi dhaoine atá fós gan uisce ná cumhacht aibhléise (*without water or electricity power*). Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| cumhacht aibhléise<br>Bord Soláthair an Leictreachais<br>custaiméirí | *engineers*<br>*temporary*<br>*to conserve* |

1. Conas a chuir Stoirm Éowyn isteach ar do shaol?
2. An gcuireann stoirmeacha móra mar sin eagla ort? Cén fáth?
3. Cé acu is measa, dar leat féin – a bheith gan uisce nó a bheith gan leictreachas? Cén fáth?
4. Cén obair atá ar siúl ag na dreamanna seo a leanas, dar leat, de bharr an damáiste a rinne Stoirm Éowyn?

**Bord Soláthair an Leictreachais / Uisce Éireann / comhairlí contae / pobail áitiúla**

-



## B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. innealtóirí | *a. in danger* |
| 2. réab Stoirm Éowyn | *b. a temporary supply* |
| 3. smionagar | *c. engineers* |
| 4. theip ar (rud) | *d. vulnerable people* |
| 5. i mbaol | *e. to conserve* |
| 6. ag impí ar | *f. restoration work* |
| 7. a chaomhnú | *g. (something) failed* |
| 8. daoine leochaileacha | *h. delay* |
| 9. deisiúchán | *i. Storm Éowyn roared, tore, hurtled* |
| 10. soláthar sealadach | *j. imploring* |
| 11. moill | *k. repair* |
| 12. obair athchóirithe | *l. debris* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. Cá bhfuil an Bhreatain agus an Ríocht Aontaithe?

___

3. Má oibríonn tú 'ó dhubh go dubh', cén t-am a thosaíonn tú agus cén t-am a chríochnaíonn tú do chuid oibre, dar leat?

___

4. Cén Ghaeilge atá agat féin ar *young children*? Conas a deirtear *young children* i gcanúint Chonnacht?

___

## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Tá crainn agus __________________ fós le glanadh ó na príomhbhóithre.
- Tá daoine _______________ a gcuid uisce a chailleadh.
- Tá teacht ag daoine eile ar* _______________________ uisce. (Leanann séimhiú 'ar' sa chás seo.)
- ______________ trasna na tíre agus _______________ an soláthar uisce – ní raibh uisce ag daoine.
- Tá Uisce Éireann ___________ dhaoine uisce ____________.
- Tuigeann Uisce Éireann go bhfuil sé deacair uisce a chaomhnú má tá daoine óga agus ________________ sa teach.
- Tá Stoirm Herminia ag cur ________ ar an _______________ agus ar an _________________.
- Tá ________________ ón Ríocht Aontaithe in Éirinn chun cuidiú le hinnealtóirí na tíre seo.

2. Féach ar an mír den dara huair agus tabhair faoi na tascanna thíos:

a) Meaitseáil na figiúirí/dreamanna ar chlé leis na fíricí cuí ar dheis. Tá an chéad cheann déanta.

| | |
|---|---|
| 1. 280,000 | a. Custaiméirí BSL gan chumhacht go dtí an tseachtain seo chugainn. |
| 2. 100,000 | b. Ag cur innealtóirí ar fáil chun cuidiú linn in Éirinn. |
| 3. Uisce Éireann | c. An líon tithe, feirmeacha agus gnóthaí atá fós gan leictreachas. |
| 4. 48,000 | d. Ag cur moill ar obair athchóirithe. |
| 5. 400,000 | e. Na daoine i Maigh Eo a bhfuil uisce acu arís. |
| 6. An Bhreatain | f. Tá siad ag obair go dian ó mhaidin go hoíche. |
| 7. Stoirm Herminia | g. Custaiméirí BSL a bhfuil cumhacht faighte ar ais acu. |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| c | | | | | | |

b) Cé mhéad duine atá gan uisce faoi láthair, dar le hUisce Éireann?

(i) 126,000 (ii) 109,000 (iii) 112,000

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (na hiolraí + an tuiseal ginideach)

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na hainmfhocail thíos a bhí sa mhír. Tá sé curtha in iúl más tréaniolraí nó lagiolraí iad. Cuir an leagan ceart de gach ainmfhocal sna spásanna chun an tuiseal ginideach iolra a léiriú. Tá an chéad cheann déanta daoibh.

| | |
|---|---|
| a) innealtóirí (tréaniolra) | líon na n-**innealtóirí** |
| b) criúnna (tréaniolra) | cuidiú na g_______________________ |
| c) custaiméirí (tréaniolraí) | cearta na g_______________________ |
| d) ceantair (lagiolra) | muintir na g_______________________ |
| e) údaráis (lagiolra) | fadhb na n-_______________________ |
| f) daoine (tréaniolra) | tithe na n_______________________ |
| g) áiteanna (tréaniolra) | pobal na n-_______________________ |
| h) oileáin (lagiolra) | líon na n-_______________________ |
| i) seirbhísí (tréaniolra) | úsáid na _______________________ |

## 2: Saibhreas teanga (an focal 'céile')

Is iomaí nath cainte atá sa Ghaeilge a bhfuil an focal 'céile' nó 'chéile' iontu. Cuir na cinn thíos in abairtí lena mbrí a léiriú. Tá sampla amháin ón mír tugtha.

| | |
|---|---|
| as a chéile | Tá muintir Chontae na Gaillimhe fágtha gan cumhacht aibhléise don tríú lá **as a chéile**. |
| bean chéile/fear céile | |
| céile imeartha | |
| i gceann a chéile | |
| le chéile | |
| mar a chéile | |
| trína chéile | |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint – Scileanna chun teacht slán

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Seo an *scenario*:

Cuir i gcás go bhfuil sibh sáinnithe sa bhaile le chéile ar feadh 48 uair an chloig tar éis do Stoirm Éowyn an tír a réabadh. Níl aon chumhacht aibhléise ná uisce agaibh ar feadh an ama sin. Caithfidh sibh teacht aníos le straitéis chun teacht slán. Níl ach na hacmhainní ganna (*limited resources*) thíos agaibh:

- 2 bhuidéal uisce
- coinneal amháin
- tóirse amháin
- bosca cipíní solais
- adhmad
- pluid amháin (*blanket*)
- banc cumhachta amháin
- raidió ar chumhacht cadhnraí
- smideadh
- giotár
- builín aráin
- bainne, tae, caife
- uibheacha
- ispíní
- cáis

Cén tslí ar tháinig sibh slán? Mínígí don rang.



## 2: Scríobh

Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta ag déanamh cur síos ar an méid a rinne tú féin agus do chuid cairde gan cumhacht aibhléise/uisce ar feadh 48 uair an chloig.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| **Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:** |
|---|
| |

# AN SCRIPT

**Eimear Ní Chonaola**
Tá innealtóirí as an mBreatain tagtha go hÉirinn inniu le cuidiú le criúnna Bhord Soláthair an Leictreachais cumhacht a thabhairt ar ais chuig tuairim is 280,000 teach, feirm agus ionad gnaithe[1], atá fós gan aibhléis. Deir Bord Soláthair an Leictreachais go bhféadfadh suas le 100,000 custaiméir a bheith gan chumhacht go dtí an tseachtain seo chugainn.

**Donncha Ó Murchú**
Tá muintir Chonamara agus na mílte eile ar fud Chontae na Gaillimhe fágtha gan cumhacht aibhléise don tríú lá as a chéile, ó réab Stoirm Éowyn trasna na tíre, Dé hAoine. Tá an chomhairle contae agus an pobal áitiúil i mbun oibre gan stad ó shin – crainn agus smionagar fós le glanadh ó na príomhbhóithre.

Theip ar an soláthar uisce in áiteanna ar fud na tíre leis. Deir Uisce Éireann go bhfuil 109,000 duine fós gan uisce faoi láthair. Tá teacht ag 112,000 duine ar sholáthar sealadach uisce i gceantair áirithe; agus tá 126,000 duine eile i mbaol a gcuid uisce a chailliúint[2].

**Richie Ó hEadhra, Ceannasaí Cumarsáide Réigiúnach Uisce Éireann.**
Tá Uisce Éireann ag obair ó dhubh go dubh, ag iarraidh rudaí a chur ina gceart. Táimid ag obair i gcomhar leis an ESB agus na húdaráis áitiúla thart timpeall na tíre. Agus táimid ag impí ar dhaoine a bheith cúramach leis an gcaoi a mbaineann siad úsáid as an uisce – é a chaomhnú, más féidir. Agus tá a fhios againn go bhfuil sé sin deacair, áit a bhfuil gasúir óga agus daoine leochaileacha. Cuireadh deisiúchán ar an soláthar ansin i Loch Measca, i Maigh Eo agus tugadh an soláthar ar ais do 48,000 duine. Sna háiteanna nach bhfuil uisce, tá soláthar sealadach á chur ar fáil.

**Donncha Ó Murchú**
Deir Bord Soláthair an Leictreachais go bhfuil cumhacht aibhléise curtha ar fáil arís acu do os cionn 400,000 custaiméir ar fud na tíre. Ar na hoileáin, amach ó chósta an iarthair, beifear ag súil le cumhacht arís ar Inis Oírr Dé Céadaoin seo chugainn. Ach níl uasdátú ar bith tugtha go fóill faoi Inis Mór (Árainn), faoi Inis Meáin nó faoi Inis Bó Finne.

Beidh innealtóirí ón Ríocht Aontaithe i mbun oibre le hinnealtóirí Bhord Soláthair an Leictreachais chun seirbhísí a chur i bhfeidhm arís. Tá an baol ann, áfach, go mbeidh 100,000 custaiméir fós gan chumhacht faoi dheireadh na seachtaine seo chugainn. Agus moill eile curtha ag Stoirm Herminia inniu leis an obair athchóirithe.

Donncha Ó Murchú, Nuacht TG4.

[1] gnaithe = leagan canúnach de 'gnó'
[2] cailliúint = leagan canúnach de 'cailleadh'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| innealtóirí | *engineers* |
| réab Stoirm Éowyn | *Storm Éowyn roared, tore, hurtled* |
| smionagar | *debris* |
| theip ar (rud) | *(something) failed* |
| i mbaol | *in danger* |
| ag impí ar | *imploring* |
| a chaomhnú | *to conserve* |
| daoine leochaileacha | *delay* |
| deisiúchán | *vulnerable people* |
| soláthar sealadach | *a temporary supply* |
| moill | *repair* |
| obair athchóirithe | *restoration work* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| c | i | l | g | a | j | e | d | k | b | h | f |

2. An Bhreatain – *Britain*; An Ríocht Aontaithe – *the United Kingdom*.
3. Is bobcheist í seo. Ní amanna beachta atá i gceist. Bheadh sé dubh ar maidin agus dubh san oíche nuair a chríochnódh do chuid oibre – an-luath agus an-mhall.
4. *Young children* – leanaí / páistí óga. Tugtar 'gasúir' ar pháistí i gcanúint Chonnacht.

## C: TUISCINT

1. Freagraí:

- Tá crainn agus **smionagar** fós le glanadh ó na príomhbhóithre.
- Tá daoine **i mbaol** a gcuid uisce a chailleadh.
- Tá teacht ag daoine eile ar **sholáthar sealadach** uisce.
- **Réab Stoirm Éowyn** trasna na tíre agus **theip ar** an soláthar uisce – ní raibh uisce ag daoine.
- Tá Uisce Éireann **ag impí ar** dhaoine uisce **a chaomhnú**.
- Tuigeann Uisce Éireann go bhfuil sé deacair uisce a chaomhnú má tá daoine óga agus **daoine leochaileacha** sa teach.
- Tá Stoirm Herminia ag cur **moill** ar an **deisiúchán** agus ar an **obair athchóirithe**.
- Tá **innealtóirí** ón Ríocht Aontaithe in Éirinn chun cuidiú le hinnealtóirí na tíre seo.

2. Freagraí:

a)

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| c | a | f | e | g | b | d | |

b) (ii) 109,000

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (na hiolraí + an tuiseal ginideach)

Freagraí:

| | | |
|---|---|---|
| a) | innealtóirí (tréaniolra) | líon na n-**innealtóirí** |
| b) | criúnna (tréaniolra) | cuidiú na g**criúnna** |
| c) | custaiméirí (tréaniolraí) | cearta na g**custaiméirí** |
| d) | ceantair (lagiolra) | muintir na g**ceantar** |
| e) | údaráis (lagiolra) | fadhb na n-**údarás** |
| f) | daoine (tréaniolra) | tithe na n**daoine** |
| g) | áiteanna (tréaniolra) | pobal na n-**áiteanna** |
| h) | oileáin (lagiolra) | líon na n-**oileán** |
| i) | seirbhísí (tréaniolra) | úsáid na **seirbhísí** |

### 2: Saibhreas teanga (an focal 'céile')

Freagraí:

| | |
|---|---|
| as a chéile | Tá muintir Chontae na Gaillimhe fágtha gan cumhacht aibhléise don tríú lá **as a chéile**. |
| bean chéile/fear céile | Is as Contae Chill Mhantáin mo bhean chéile. |
| céile imeartha | Beidh cluiche leadóige agam amárach ach tá mo chéile imeartha níos fearr ná mise. |
| i gceann a chéile | Cuirfimid ár gcuid smaointe i gceann a chéile. |
| le chéile | An bhfuil sibh ag obair le chéile? |
| mar a chéile | Is mar a chéile a chaithim le mo chuid páistí go léir. |
| trína chéile | Theip ar Sheán sna scrúduithe agus tá an créatúr trína chéile. |

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Ba cheart go mbeadh spraoi ag baint leis an ngníomhaíocht seo. Roinn an rang i ngrúpaí agus tabhair deis do na grúpaí plé a dhéanamh ar an gcaoi a gcaithfeadh siad an t-am le chéile, gan uisce ná cumhacht aibhléise. Iarr ar gach grúpa ansin a mhíniú don rang conas a d'éirigh leo teacht slán ón tráma.

### 2: Scríobh

Abair leo postáil ghearr a scríobh do na meáin shóisialta faoin am a chaith siad le chéile gan uisce gan cumhacht aibhléise.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

Ollscoil Mhá Nuad Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge Taighde, Teagasc & Tástáil | Foghlaim TG4 | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta